Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Ollscoil na Gaillimhe
# *Uachtarán le Ceapadh*



University of Galway.ie

# An Ról

**Ceannaireacht agus Fís**

- Stiúir a thabhairt do chur i bhfeidhm stratiéis nua na hOllscoile 2025-2030 agus straitéisí agus pleananna gnímh gaolmhara a fhorbairt;
- Fís uaillmhianach agus ceannaireacht spreagúil a thabhairt do phobal na hOllscoile, ag cur le bunús láidir na hOllscoile maidir le taighde agus feabhas acadúil;
- Foireann Bainistíochta na hOllscoile a stiúradh;
- Ceannaireacht shoiléir a thabhairt do phobal agus do chultúr na hOllscoile, ag spreagadh agus ag gríosadh na foirne ag gach leibhéal le cur le rathúlacht na hOllscoile;
- Caidreamh éifeachtach oibre a fhorbairt le hÚdarás na hOllscoile, agus na caighdeáin rialachais Ollscoile is airde a bhaint amach;
- Tionscnaimh chomhionannais, éagsúlachta agus chuimsithe a sheachadadh, ag cinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite ag an Ollscoil.



**Barr Feabhais Taighde agus Acadúil**

- Próifíl taighde Ollscoile atá uaillmhianach, sainiúil agus a rachaidh i gcion ar an domhan a fhorbairt agus a chur chun tosaigh, arna treorú ag tuiscint dhomhain ar dhúshláin dhomhanda, ar thosaíochtaí náisiúnta agus ar riachtanais réigiúnacha;
- Barr feabhais san oideachas agus in eispéireas na mac léinn a chur chun tosaigh.

**Éifeachtúlacht Eagraíochtúil**

- Bainistíocht éifeachtach acmhainní na hOllscoile a chur chun tosaigh, d'fhonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hOllscoile a chinntiú;
- Stiúir a thabhairt d'fhorbairt agus seachadadh samhlacha agus córas oibriúcháin chun tacú le heagraíocht ardfheidhmíochta.

**Rannpháirtíocht Sheachtrach**

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Ollscoil go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus a bheith mar ghuth an-láidir dá bhfuil bainte amach ag an Ollscoil agus an méid a chuireann sí le forbairt na Gaillimhe agus an réigiúin mar mhol cruthaitheach, dátheangach, inbhuanaithe, nuálaíoch agus domhanda;
- A chinntiú go leanfar agus go bhforbrófar ról na hOllscoile sa nuálaíocht, ag obair i gcomhpháirtíocht rathúil le hearnáil na tionsclaíochta agus ag tacú le fás ár réigiúin;
- Caidrimh éifeachtacha a théann i gcion ar an bpobal a fhorbairt le pobal alumni na hOllscoile, chomh maith le caidrimh dhaonchairdiúla a fhorbairt agus a chothú le raon lucht tacaíochta;
- Straitéis idirnáisiúnta agus dhomhanda na hOllscoile a bhrú chun cinn d'fhonn cur le cáil dhomhanda agus raon tionchair na hOllscoile;
- Tionchar éifeachtach a imirt agus an fód a sheasamh san earnáil ardoideachais maidir le cúrsaí polasaí náisiúnta, trí rannpháirtíocht ghníomhach leis an rialtas, maoinitheoirí, lucht déanta polasaí, ollscoileanna eile, agus comhlachtaí san earnáil;
- Tógáil ar ár gcáil dhomhanda maidir le ceannaireacht inbhuanaitheachta agus sinn ag bogadh go huaillmhianach i dtreo neodracht charbóin;
- An ról poiblí uathúil atá againn mar an t-aon Ollscoil dhátheangach in Éirinn a chur chun cinn agus í ag tacú le pobail Ghaeltachta agus Ghaeilge eile, agus le tiomantas na hOllscoile don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann a chomhlíonadh.

# An Duine

### Ceannaireacht agus Fís

- Taithí chruthaithe maidir le foirne sinsearacha ardfheidhmíochta a spreagadh, a fhorbairt agus a threorú;
- Dea-theist as ceannaireacht shinsearach straitéiseach inspioráideach a thabhairt agus bainistíocht feidhmiúcháin a dhéanamh i dtimpeallacht acadúil chasta agus ilghnéitheach, nó a macasamhail;
- Cumas den scoth fís agus pleananna na hOllscoile a chur in iúl go hinmheánach agus go seachtrach;
- Taithí agus saineolas suntasach i ngach gné den rialachas agus den bhainistíocht agus tiomantas inléirithe do na caighdeáin is airde cáilíochta agus feabhais;
- An cháil a bheith air/uirthi go rabhthas ar thús cadhnaíochta ó thaobh athrú dearfach a threorú i réimsí an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe;
- Tiomantas do chaomhnú agus do chur chun cinn na Gaeilge agus do thacú le próifíl chultúrtha ilghnéitheach na Gaillimhe agus an réigiúin seo trí chéile.

### Barr Feabhais Taighde agus Acadúil

- Dea-theist ar leith sa taighde agus sa teagasc;
- Taithí ar chultúr a fhorbairt a chuireann roimhe barr feabhais agus sainiúlacht taighde a bhaint amach i ngach réimse acadúil, agus é mar aidhm aige/aici aghaidh a thabhairt ar dhúshláin réigiúnacha, náisiúnta agus dhomhanda;
- Tiomantas do bharr feabhais agus nuálaíocht san oideachas agus d'aidhmeanna an oideachais maidir le heispéireas den scoth a chur ar fáil do mhic léinn agus an cumas caidreamh láidir a chothú leis na mic léinn.

### Éifeachtacht Eagraíochtúil

- Taithí ar acmhainní suntasacha airgeadais agus daonna a bhainistiú in eagraíocht mhór chasta;
- An cumas athrú oibriúcháin ó bhonn a bhrú chun cinn agus deiseanna a thapú gan an iomarca riosca a tharraingt ar an Ollscoil, agus cothromaíocht chuí a bheith tugtha don nuálaíocht i gcaitheamh an ama;
- Tuiscint ghrinn ar thírdhreach maoinithe an Ard-Oideachais, agus dea-theist chruthaithe a bheith aige/aici ar shruthanna ioncaim a éagsúlú agus a mhéadú agus ar a oiread leasa agus is féidir a bhaint as deiseanna maoinithe.

### Rannpháirtíocht Sheachtrach

- Taithí chruthaithe ar chaidreamh láidir, bisiúil agus inbhuanaithe a chothú le réimse leathan páirtithe leasmhara ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus domhanda;
- An cumas tionchar a imirt go héifeachtach agus an fód a sheasamh san earnáil ardoideachais maidir le cúrsaí polasaí náisiúnta;
- Taithí ar chaidrimh dhaonchairdiúla agus feachtais tiomsaithe airgid a threorú agus a fhorbairt, agus a bheith in ann oibriú go héifeachtach le deontóirí, alumni agus lucht tacaíochta eile.

### Tréithe Pearsanta

Tréithe pearsanta eiseamláireacha mar atá comhbhá, éirim mhothúchánach ard, ionracas, barántúlacht, teacht aniar, comhoibriú agus fuinneamh.





# Téarmaí agus Coinníollacha an Cheapacháin

- Is é €259,170 an tuarastal in aghaidh na bliana (€246,211 in aghaidh na bliana d'iarrthóir ar bith a thosaigh ag obair in Earnáil Phoiblí na hÉireann roimh 1995) agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí mionathruithe ar an tuarastal ó am go ham de réir pholasaí an Rialtais.

- Post inphinsin atá i bpost an Uachtaráin de réir théarmaí Scéim Pinsin ábhartha Ollscoil na Gaillimhe nó forálacha pinsin infheidhme eile.

- 7 mbliana a bheidh i gceist le téarma an cheapacháin.

- Cuirfear pacáiste athlonnaithe ar fáil i gcás iarrthóirí a bheidh ag athlonnú.

- Leagfar amach téarmaí iomlána an cheapacháin i gConradh Fostaíochta a ndéanfar é a fhorghníomhú idir an Ollscoil agus an t-iarrthóir a gheobhaidh an post.

In Ollscoil na Gaillimhe, déanaimid ceiliúradh ar an éagsúlacht agus creidimid go mbeidh peirspictíochtaí, buanna agus cuir chuige uathúla ag gach iarrthóir a chuirfidh le pobal na hOllscoile. Molaimid go láidir go dtiocfadh iarratais as gach cúlra beag beann ar chine, reiligiún, bunadh eitneach, inscne, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ballraíocht i bpobal na dTaistealaithe, claonadh gnéis, míchumas nó aois.

University
of Galway.ie